


Co-funded by the European Union

BioBeo

Co-funded by
the European Union

# Treoirnótaí ar an nGreannán 'Tóraíocht Bheo'

## Clár


**Réamhrá** 3
**An Greannán a léamh agus a iniúchadh…** 4
1. Déanann Beo dearmad ar a bosca lóin (Feasacht ar Dhiaibéiteas) 4
2. Gairdíní inbhuanaithe! 4
3. Boscaí Lóin Bhithbhunaithe! 5
4. Tástáil é! – “An Lobhfaidh Sé?” Dúshlán Bithdhíghrádaitheachta! 6
5. Saol Bosca Lóin 6
6. Amhrán/Cantaireacht: Cumhacht Plandaí 7
7. Crainn Dhúchasacha na hÉireann 7
8. Buaileann Beo agus Raja le hIora Rua! 8
9. Na Páirceanna Spóirt 8
10. Tionscadail Traschuraclaim 9
11. Stáisiún Taighde Comhshaoil Rosemount, UCD 9
12. Campas COBÁC 10
Dúshlán Ficheall Allamuigh 10
Buail leis an gCrotach 10
Ealaí & Clann Lir 11
13. Sa tSaotharlann! 11
Feamainn - Sárphlanda na bhFarraigí! 11
Fás Do Cheapach Féir Inbhuanaithe Féin 12
Céard is bithscaglann ann? Déan taighde agus plé! 12
Dúshlán Úire Bia Plasma Zaipe 12
14. Deich nGníomhaíocht Pobail Spreagtha ag Tóraíocht Bheo! 13
Gníomhaíocht #1 - Léarscáil Bhithéagsúlachta Beo (Gníomhaíocht Tíreolaíochta & Ealaíne) 13
Gníomhaíocht #2 “Cluiche Sórtála “Bithbhunaithe nó Nach ea?” (Gníomhaíocht Eolaíochta & Drámaíochta) 14
Gníomhaíocht #3 Rith Rithme Raja (Gníomhaíocht Corpoideachais & Ceoil) 14
Gníomhaíocht #4 Tóg Bogach Beag (Gníomhaíocht STEM & Tíreolaíochta) 14
Gníomhaíocht #5 Greannán Bithgheilleagair Beo (Gníomhaíocht Béarla & Ealaíne) 15
Gníomhaíocht #6 An Díospóireacht Mhór Éicea-Lóin (Gníomhaíocht Béarla, OSPS & Drámaíochta) 15
Gníomhaíocht #7 Saolré Crann (Gníomhaíocht Stair & Ealaíne) 15
Gníomhaíocht #8 Tóraíocht Bheo - Tóraíocht Drámaíochta Allamuigh (Gníomhaíocht Drámaíochta & Gaeilge) 16
Gníomhaíocht #9 Damhsa Gréasáin Bia (Gníomhaíocht Eolaíochta, Corpoideachais & na hEalaíona Taibhithe) 16
Activity #10 Balla Focal Teanga an Dúlra (Gníomhaíocht Gaeilge, Béarla & Tíreolaíochta) 16
**Smaointe Measúnaithe** 17

# Treoirnótaí - Tóraíocht Bheo




## Réamhrá

Seo hé an chéad ghreannán sa tsraith 'Beo agus Raja'. D'eascair sé ó choincheap bunaidh de chuid Ollscoil Mhá Nuad agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i dtionscadal BioBeo Horizon Europe ar oideachas bithgheilleagair, arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Tacaíonn Institiúid Bia agus Sláinte UCD leis an bhfoilseachán seo freisin.

Mar a léiríonn teideal an ghreannáin, Finding Beo, imíonn Beo agus Raja ar thuras agus déanann siad iniúchadh ar an domhan saibhir nádúrtha timpeall orthu agus nochtann siad tábhacht na bithéagsúlachta i mbithgheilleagar na hÉireann. Tugtar cuireadh do léitheoirí a fháil amach cén chaoi a bhfuil sláinte éiceachóras nasctha go domhain le hinbhuanaitheacht phobal agus leis an ngeilleagar.

Trí thuiscint agus meas ar an domhan nádúrtha a chothú le scéalta cosúil le Finding Beo, spreagaimid pobail le glacadh leis an mbithgheilleagar - todhchaí atá bunaithe ar inbhuanaitheacht, idirspleáchas, freagracht chomhroinnte agus aird a tharraingt ar idircheangailteacht gach beatha.

# An Greannán a léamh agus a iniúchadh…

## 1. Déanann Beo dearmad ar a bosca lóin (Feasacht ar Dhiaibéiteas)

**Príomhthéama:** Feasacht agus cuimsiú sláinte.

**Gníomhaíochtaí:**

"Cad atá ag Beo don lón?"

- Ceardaíocht: Gearr agus greamaigh íomhánna de bhia sláintiúil do bosca lóin do dhuine a bhfuil diaibéiteas air/uirthi. Bain úsáid as fíorphacáistiú nó pictiúir lámhlínithe. Bain úsáid as fíorbhia freisin más féidir é.
- Póstaer "Plean Laethúil Diaibéiteas": Tarraingíonn na daltaí amlíne de lá i saol Beo lena n-áirítear béilí, seiceálacha agus sosanna.
- Dráma: Déan sceitse 1 nóiméad a léiriú: "Cad a tharlaíonn nuair a dhéanann Beo dearmad ar a lón?" Cruthaigh carachtair eile a d'fhéadfadh Raja bualadh leo nó a fheiceáil ar an mbealach.

**Nóta:** Bí aireach ar leanaí i do rang a bhfuil diaibéiteas orthu. Seiceáil an bhfuil na páistí ag iarraidh an obair seo a iniúchadh nó nach bhfuil sula dtosaíonn tú uirthi!

**Tuilleadh eolais úsáideach:**

Eolas do scoileanna ó Diabetes Ireland https://www.diabetes.ie/living-with-diabetes/child-diabetes/

**Ábhair:** OSPS, Drámaíocht, Ealaín

## 2. Gairdíní inbhuanaithe!

**Príomhthéama:** Bithéagsúlacht agus taisteal inbhuanaithe

**Gníomhaíochtaí:**

- Biongó Thóraíocht Féileacán: Téigh amach agus faigh/tarraing féileacáin bunaithe ar speicis Éireannacha (tarraing agus ainmnigh iad i nGaeilge).
- Déan Pota Plandaí Pailneoirí: Maisigh potaí agus cuir síolta atá neamhdhíobhálach do bheacha cosúil le labhandar nó lus buí Albanach.
- Dúshlán Scútar sa Chorpoideachas: Trialacha ama nó cúrsa constaicí do scútair nó scútair bhréige sa chlós.
- Am Póstaeir: "Gairdíní éiceabhácha!" - tarraing gairdín ina bhfuil eidhneán, féileacáin, scútair agus luchtaire le feiceáil.

**Tuilleadh eolais úsáideach:**

Eolas faoi phailneoirí do pháistí: https://pollinators.ie/

Bileog Aitheantais Féileacán (Butterfly Conservation Ireland): https://butterflyconservation.ie/wp/

Eolas SEAI EV do Pháistí: https://www.seai.ie/plan-your-energy-journey/schools/primary-school/resources-for-teachers

**Ábhair:** Corpoideachas, Ealaín, Eolaíocht, Gaeilge

## 3. Boscaí Lóin Bhithbhunaithe!

**Príomhthéama:** Ábhair Bhithbhunaithe - An bhfuil siad níos fearr don phláinéid?

Stáisiún Imscrúdaithe – “Cad as a bhfuil an Bosca Lóin seo Déanta?”

**Gníomhaíocht:**

Socraigh bord imscrúdaithe ranga air a bhfuil nithe éagsúla ón fíorshaol:

1. bosca lóin bithbhunaithe (déanta as stáirse arbhair nó bambú)

2. gnáthchoimeádán plaisteach

3. pacáistiú cairtchláir

4. stán miotail

5. sceanra in-mhúirínithe

Scrúdaíonn agus déanann na daltaí taifead ar na hairíonna (solúbtha, uiscedhíonach, láidir, in-athchúrsáilte, srl.).

Úsáid gloiní formhéadúcháin agus cártaí airíonna simplí.

Déan an taifead ar bhileog oibre atá deartha ag an múinteoir.

**Toradh:** Foghlaimíonn na daltaí an bhrí atá le "bithbhunaithe" – rud éigin déanta as foinsí bitheolaíocha in-athnuaite (arbhar, bambú, cána siúcra, laíon prátaí ach gan é a bheith déanta as ola riamh!)

## 4. Tástáil é! – "An Lobhfaidh Sé?" Dúshlán Bithdhíghrádaitheachta!

**Gníomhaíocht:**

Tabhair 3 phróca nó boscaí beaga do gach grúpa:

- Ceann amháin a bhfuil píosa spúnóg bithphlaisteach nó in-mhúirínithe ann
- Ceann amháin a bhfuil gnáthphlaisteach ann
- Ceann amháin a bhfuil craiceann úll nó craiceann banana ann

Líon na prócaí le cré nó le múirín tais. Thar chúpla seachtain, déanann na daltaí réamhaisnéis, breathnóireacht agus taifeadadh ar na hábhair a dhíghrádaíonn is tapúla. Smaoinigh ar thaifeadadh go laethúil ar an iPad ranga le go mbeidh sibh in ann físeán luasghéaraithe a chruthú ag an deireadh!

**Gníomhaíocht Bhreise:**

Cruthaigh "dialann lobhaidh" agus líon í le líonaíochtaí nó scríobh abairtí gearra laethúla inti.

## 5. Saol Bosca Lóin

**Gníomhaíocht:**

An bhfaca tú an bosca lóin a d'fhág Beo ina diaidh trí thimpiste? An bhfuil bosca lóin agat? Cad as a bhfuil sé déanta? Déan comparáid agus pléigh na boscaí lóin i do rang.

I mbeirteanna, léirigh sceitse gearr:

Radharc 1: Is bosca lóin bithbhunaithe thú agus tú déanta as laíon siúcra cána.

Radharc 2: Is bosca lóin plaisteach thú agus tú déanta as breoslaí iontaise.

Lig do na boscaí lóin "labhairt" faoin áit as a dtagann siad, cá dtéann siad tar éis iad a úsáid, agus faoin gcaoi a bhraitheann siad faoin gcomhshaol. Coinnigh é spraíúil agus greannmhar.

## 6. Amhrán/Cantaireacht: Cumhacht Plandaí

**Gníomhaíocht:**

Ag obair le chéile mar rang, scríobh cantaireacht nó amhrán leis an fonn "Row, Row, Row Your Boat" nó fonn simplí eile:

Cuir gníomhartha láimhe nó fuaimeanna cnagtha leis.

**Príomhfhoghlaim**

- Bithbhunaithe = déanta as plandaí
- Bithdhíghrádaithe = ní bhíonn earraí bithdhíghrádaithe in-mhúirínithe i gcónaí
- Scaití bíonn an-rath ar roghanna malartacha plaisteacha!

## 7. Crainn Dhúchasacha na hÉireann

**Príomhthéama:** An Dúlra agus Oidhreacht na hÉireann

**Gníomhaíochtaí:**

- Cé mhéad crann atá sna pictiúir ar an gcampas? An féidir leat crainn dhúchasacha na hÉireann a aithint? Déan plé air seo.
- Leabhrán Chuimilteán Duilleog Crann: Bailigh duilleoga ó chrainn dhúchasacha na hÉireann (dair, beith, fuinseog), déan cuimilt chriáin agus lipéadaigh iad i nGaeilge agus i mBéarla.
- Tóraíocht Crann: Bain úsáid as seicliostaí le haghaidh uigeacht coirte, cruthanna na nduilleog, nó airde na gcrann
- Cruthaigh puipéad "Spiorad Crann": Bain úsáid as craobhóga agus duilleoga leis na carachtair a dhearadh.

**Tuilleadh eolais úsáideach:**

Comhairle Crann na hÉireann

https://www.treecouncil.ie/?srsltid=AfmBOopyZS-zHGmPrvzqak9olRR3YmI5YFCg8cLOeu-0c_ptZtyvUBFO

An Tairseach Conair Crann, MU - https://www.maynoothuniversity.ie/froebel-department-primary-and-early-childhood-education/news/tairseach-tree-trail-maynooth-campus-0

**Ábhair:** Gaeilge, Tíreolaíocht, Ealaín, Eolaíocht

## 8. Buaileann Beo agus Raja le hIora Rua!

Príomhthéama: Fiadhúlra agus cumarsáid

Gníomhaíochtaí:

- Aimsigh an t-iora rua sa ghreannán. Cad atá ar eolas agat faoi ioraí rua? Cad atá ar eolas agat faoi ioraí liatha? Déan iad a phlé le cara atá in aice leat. Cad is féidir libh a fháil amach!
- Cluiche Oilimpeach na nIoraí Rua: Cluiche Corpoideachais ina mbíonn daltaí ag gníomhú mar ioraí rua ag bailiú bia trí bhacainní.
- Dráma gairid: "Buaileann Raja leis an Iora Rua" - i mbeirteanna, cuireann daltaí radhairc ghearra i láthair.

**Tuilleadh eolais úsáideach:**

Eolas faoin Iora Rua: https://biodiversityireland.ie/surveys/the-urban-squirrel-survey/#:~:text=Red%20squirrels%3A%20Red%20squirrels%20are,red%20colour%20in%20the%20summer.

**Ábhair:** Corpoideachas, Drámaíocht, Ealaín, Eolaíocht

## 9. Na Páirceanna Spóirt

Príomhthéama: Folláine iomlánaíoch (fisiciúil agus mheabhrach)

Gníomhaíochtaí:

- "Sodar agus Scríobh": Tabhair faoi deara an bhean ag sodar sna páirceanna. Tar éis duit sodar nó siúlóid thapa la dhéanamh asmuigh, scríobh nó tarraing conas a bhraitheann do chorp agus d'intinn.
- Ceol Gluaiseachta: Cruthaíonn daltaí patrúin rithime 30 soicind ag baint úsáide as cnagadh coirp agus iad ag sodar in am.

- Gnáthamh Síneadh & Anála: Críochnaigh Corpoideachas le síneadh simplí agus análú aireachais.

**Ábhair:** Corpoideachas, Ceol, OSPS, Béarla

## 10. Tionscadail Traschuraclaim

- Greannáin Bheaga: Déanann daltaí a ngreannáin bheaga féin faoi Beo agus Raja ar eachtra éiceabhách eile.
- A Dhialann Dhil: Scríobh iontráil dialainne ó thaobh Raja de i mBéarla agus/nó i nGaeilge.
- Amhrán Inbhuanaitheachta: I ngrúpaí, scríobh curfá d'amhrán faoi lá Beo - cuir beacha, scútair, crainn san áireamh!
- Balla Stór Focal Gaeilge: Tóg balla focal ranga leis na hainmneacha Gaeilge go léir ar na plandaí, na hainmhithe agus na crainn go léir ón ngreannán. Bain úsáid as www.tearma.ie agus www.focloir.ie mar fhoinse tacaíochta.

## 11. Stáisiún Taighde Comhshaoil Rosemount, UCD

Ag Stáisiún Taighde Comhshaoil Rosemount, UCD i mBaile Átha Cliath, saothraíonn eolaithe bia, déanann siad staidéar ar an dúlra agus cosnaíonn siad bithéagsúlacht.

Labhraíonn Beo le gráinneog sa radharc seo. Is mamaigh bheaga, bioracha iad gráinneoga atá dúchasach d'Éirinn. Itheann siad seilidí, ciaróga agus péisteanna, agus is breá leo carnáin mhúirín agus gairdíní fiáine. Tá líon na ngráinneog ag titim, mar sin ní mór dúinn iad a chosaint!

**Gníomhaíochtaí:**

- Déan teach gráinneoige as adhmad agus duilleoga.
- Cruthaigh "mórbhealach gráinneog", iarr ar dhuine fásta poll beag (13x13cm) a ghearradh ag bun sconsaí na scoile le go mbeidh gráinneoga in ann bogadh timpeall.
- Lig do phaistí fiáine fás, fág duilleoga agus logaí thart, agus lig do chúinne den ghairdín fás go nádúrtha le feithidí a mhealladh agus le dídean a chur ar fáil do na gráinneoga.

- Fás do chuid glasraí agus torthaí féin! Le fáil amach cathain is ceart iad a fhás agus céard a fhásfaidh tú, tabhair cuairt ar - https://www.engagewithnature.ie/ agus lean a gcuid treoracha séasúracha den scoth.
- Ná húsáid millíní seilide ná lotnaidicídí riamh – nimhíonn siad gach fiadhúlra. Mar rogha orthu sin bain úsáid as blaoscanna uibheacha brúite.
- Glac páirt i Suirbhé Gráinneog na hÉireann ag: https://biodiversityireland.ie/surveys/irish-hedgehog-survey/
- Scríobh dialann dúlra - breac síos radhairc nó comharthaí cosúil le lorg coise agus eiscréid na n-ainmhithe sa cheantar.
- Faire ar Chrann Úll. Breathnaigh ar bhláthanna, beacha, torthaí. Tarraing céimeanna saoil agus breathnaigh orthu i ngach séasúr.
- Áireamh Pailneoirí – Suigh le bláthanna ar feadh 5 nóiméad. Comhair cuairteanna na mbeach. Déan taifead ar do chuid breathnuithe ag: https://biodiversityireland.ie

**Leid don Mhúinteoir:** Nasc breise le Curaclam na Bunscoile. Tuilleadh acmhainní ag: www.biodiversityinschools.com.

## 12. Campas COBÁC

Sna radhairc seo, feictear daoine ag an gcluiche fichille ollmhór lasmuigh in aice le lochán COBÁC. An bhfuil a fhios agat conas ficheall a imirt? Is féidir leat iarraidh ar dhuine éigin é a mhúineadh duit.

### Dúshlán Ficheall Allamuigh

- Déan do chlár fichille féin le cairtchlár péinteáilte agus earraí tí.
- Sa rang drámaíochta, ligeann gach páiste air/uirthi féin gur píosa fichille iad - léirigh na gluaiseachtaí a dhéanfadh na carachtair seo agus iad ina bpíosaí fichille.
- Cruthaigh cluiche fichille le téama an nádúir (m.sh. banríon mar bheach, an caiseal mar chrann).

### Buail leis an gCrotach

- Éist le glaoch draíochtach an chorráin ar líne ag birdwatchireland.ie
- Léigh greannán eile sa tsraith dar teideal ‘Ag Freastal ar Ghlao an Chrotaigh’ agus bí cinnte na nótaí treorach a ghabhann leis a úsáid.

- Bain úsáid as cré le múnlaí den chrotach a dhéanamh agus ná déan dearmad a ngobanna fada cuartha a chur orthu!
- Athchruthaigh gnáthóg portaigh i dtráidire le caonach, uisce agus clocha beaga.
- Déan "siúlóid lapaire" ar thalamh bhog le tuiscint a fháil ar ghluaiseachtaí an chrotaigh!

### Ealaí & Clann Lir

- Léigh an scéal Clann Lir
- Déan ealaí páipéir le do mhúinteoir, ag baint úsáide as an bhfíseán seo https://youtu.be/Tt47o-DyJXo?si=wlrmJ2dCa7hJYWrh
- Déan aithris ar eitilt trasna lochanna le buillí sciathán agus fuaimeanna suaimhneacha, agus tú ag athchruthú scéal Chlann Lir.

Nascann na gníomhaíochtaí seo nádúr agus miotais na hÉireann trí ghluaiseacht, ealaín agus iniúchadh amuigh faoin aer.

## 13. Sa tSaotharlann!

Léann Beo agus Raja faoi na rudaí atá ar siúl in ionad na heolaíochta ag COBÁC agus tá sé deacair orthu rogha a dhéanamh faoin iniúchadh a dhéanfaidh siad. Tá taighde an-spreagúil ar siúl!

### Feamainn - Sárphlanda na bhFarraigí!

**Gníomhaíochtaí:** Is cineál algaí í feamainn a fhásann san fharraige. Tá sí cosúil le féar faoi uisce agus tá sí an-tábhachtach mar go ndéanann sí ocsaigin, soláthraíonn sí bia agus tithe do chréatúir mhara, agus is féidir léi fiú gníomhú i gcoinne athrú aeráide trí charbón a ionsaí!

- Bailigh feamainn nó ceannaigh feamainn thriomaithe ó shiopa sláinte
- Leag do lámh uirthi, bolaigh di, agus déan iniúchadh ar uigeacht agus ar bholadh na feamainne. Tabhair faoi deara na difríochtaí atá ann nuair atá an fheamainn fliuch agus nuair atá sí tirim.
- Cruthaigh ealaín feamainne trí fheamainn fhliuch a bhrú ar pháipéar leis na patrúin éagsúla a fheiceáil.
- Déan plé ar an mbealach a chabhraíonn feamainn le héisc agus ar an mbealach a ghlanann sí uiscí na bhfarraigí!

Suíomh Gréasáin: https://ellenhutchins.com Féach ar an suíomh gréasáin iontach seo le haghaidh acmhainní agus gníomhaíochtaí saibhre agus foghlaim faoin gcéad luibheolaí baineann in Éirinn.

## Fás Do Cheapach Féir Inbhuanaithe Féin

**Gníomhaíocht:** Cuir síolta féir i bpotaí beaga nó i dtráidirí. Tomhais an fás thar laethanta le rialóir.

**Investigation:** Déan plé ar an mbealach a chabhraíonn féar le sláinte na cré agus an bealach a ghabhann sé carbón ón aer!

**Forbairt:** Déan comparáid idir féar a fhásann le go leor uisce agus féar a fhásann le níos lú uisce le foghlaim faoin inbhuanaitheacht.

Suíomh Gréasáin: National Geographic Kids – Plandaí
https://kids.nationalgeographic.com/nature/plants

## Céard is bithscaglann ann? Déan taighde agus plé!

Turgnamh Simplí Bithscaglainne: Déan "Sú Plandaí"

**Gníomhaíocht:**

- Brúigh duilleoga úra nó féar le beagán uisce i mála plaisteach, ansin scag an "sú" trí éadach.
- **Iniúchadh:** Le cabhair ó do mhúinteoir, déan iniúchadh ar an gcaoi a úsáideann bithscaglanna plandaí le táirgí úsáideacha a dhéanamh cosúil le bia, bresolaí bithbhunaithe agus bithphlaisteach bithbhunaithe.
- **Forbairt:** Bain úsáid as na dathanna nádúrtha ó bhiatas nó spionáiste le péint atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a dhéanamh!

Féach ar an bhfíseán seo a thaispeánfaidh duit conas péinteanna líocha a dhéanamh ó phlandaí ó Ghairdín Luibheolaíoch Nua-Eabhrac:
https://youtu.be/JfNSSdPgmAE?si=gfdUI89u4yARXGVz

## Dúshlán Úire Bia Plasma Zaipe

**Gníomhaíocht:**

Cuir píosaí torthaí in dhá bhabhla (m.sh., slisní úll). Fág ceann amháin oscailte, clúdaigh an ceann eile go dlúth. Tabhair faoi deara cé acu ceann a fhanann úr don tréimhse is faide.

**Iniúchadh:** Déan plé ar gcaoi a bhfuil zaipeanna plasma in ann bia a choinneáil úr trí frídíní a mharú gan cheimiceáin.

**Forbairt:** Tarraing nó tóg do mheaisín "plasma zaipe" féin as ábhair athchúrsáilte!

Suíomh Gréasáin: Club Paistí NASA - Eolaíocht an Bhia
https://www.nasa.gov/kidsclub/index.html

# 14. Deich nGníomhaíocht Pobail Spreagtha ag Tóraíocht Bheo!

**Sula dtosaíonn tú ar na gníomhaíochtaí seo, má tá tú laistigh d'achar taistil go UCD, tabhair cuairt ar an gcampas agus cuir na páistí ar an eolas faoi na réimsí a ndéantar iniúchadh orthu sa ghreannán. Tacóidh sé go mór le teagasc agus foghlaim!**

## Gníomhaíocht #1 - Léarscáil Bhithéagsúlachta Beo (Gníomhaíocht Tíreolaíochta & Ealaíne)

**Cuspóir**: Cruthaigh léarscáil mhór a bhfuil léaráidí uirthi agus a thaispeánann gnáthóga éagsúla Éireannacha a d'fhéadfadh Beo agus Raja a iniúchadh – foraoisí, portaigh, móinéir, cóstaí.

**Le déanamh**: Bain úsáid as póstaer mór nó múrphictiúr grúpa. Roghnaigh gnáthóg ar leith do na grúpaí uilig agus léirigh iad le líníochtaí nó le colláisí. Cuir ainmhithe agus plandaí leis na gnáthóga i mBéarla agus i nGaeilge.

**Scileanna**: Mapáil, obair foirne, feasacht éiceolaíoch, foghlaim dhátheangach

**Ábhair**: Tíreolaíocht, Ealaín, Gaeilge

## Gníomhaíocht #2 “Cluiche Sórtála “Bithbhunaithe nó Nach ea?” (Gníomhaíocht Eolaíochta & Drámaíochta)

**Cuspóir**: Cuir le do thuiscint maidir leis na táirgí a thagann ó fhoinsí in-athnuaite seachas ó bhreoslaí iontaise.

**Le déanamh**: Bain úsáid as fíor-earraí nó pictiúir. Ligeann na daltaí orthu gurb iad sin na hearraí agus insíonn siad a "scéal tionscnaimh" le cur i láthair gairid.

**Scileanna**: Aicmiú, cumarsáid, drámaíocht, inbhuanaitheacht

**Ábhair**: Eolaíocht, Drámaíocht, OSPS

## Gníomhaíocht #3 Rith Rithme Raja (Gníomhaíocht Corpoideachais & Ceoil)

**Cuspóir**: Déan iniúchadh ar ghluaiseacht agus rithim a bhaineann le folláine agus leis an dúlra.

**Le déanamh**: Cruthaíonn daltaí seichimh rithime ag baint úsáide as cnagadh coirp, agus ansin bogann siad in am lena rithim féin le linn reatha nó siúlóidí amuigh faoin aer.

**Scileanna**: Comhordú fisiciúil, ceolmhaireacht

**Ábhair**: Corpoideachas, Ceol, OSPS

## Gníomhaíocht #4 Tóg Bogach Beag (Gníomhaíocht STEM & Tíreolaíochta)

**Cuspóir**: Foghlaim faoin gcaoi a ghlanann tailte fliucha uisce, a thacaíonn siad le fiadhúlra agus a ghníomhaíonn siad i gcoinne athrú aeráide.

**Le déanamh**: Cruthaigh múnla de thalamh fliuch ag baint úsáide as cré, caonach, gaineamh agus uisce i dtráidirí. Breathnaigh ar an gcaoi a scagann an t-uisce tríd an múnla agus cuir ainmhithe bréagáin nó páipéir leis.

**Forbairt:** Cruthaigh taispeántas dár teideal “Iontais na mBogach” agus lipéadaigh na gnéithe éagsúla i mBéarla agus i nGaeilge.

**Scileanna**: Eolaíocht chomhshaoil, tógáil, obair foirne

**Ábhair**: STEM, Tíreolaíocht, Eolaíocht, Ealaín, Gaeilge

## Gníomhaíocht #5  Greannán Bithgheilleagair Beo (Gníomhaíocht Béarla & Ealaíne)

**Cuspóir**: Athinis nó leathnaigh eachtraí Beo agus Raja ag baint úsáide as scéalaíocht ghreannáin.

**Le déanamh**:Tarraingíonn daltaí greannáin 4 phainéal a thaispeánann fadhb atá bunaithe ar an dúlra agus réiteach atá bunaithe ar an mbithgheilleagar (m.sh., ábhair inmhúirínithe in ionad plaisteach).

**Scileanna**: Litearthacht, seicheamhú amhairc, cruthaitheacht

**Ábhair**: Béarla, Ealaín, Eolaíocht

## Gníomhaíocht #6  An Díospóireacht Mhór Éicea-Lóin (Gníomhaíocht Béarla, OSPS & Drámaíochta)

**Cuspóir**: Scrúdaigh pacáistithe bia éagsúla agus an tionchar atá acu ar an bpláinéid.

**Le déanamh**: Eagraigh díospóireacht ranga. Imríonn na daltaí carachtair éagsúla (m.sh., comhshaolaí, cócaire, tuismitheoir, eolaí) agus cosnaíonn siad a gcuid roghanna lóin (plaisteach i gcoinne bithbhunaithe).

**Scileanna**: Smaointeoireacht chriticiúil, comhbhá, labhairt

**Ábhair**: Béarla, OSPS, Drámaíocht

## Gníomhaíocht #7  Saolré Crann (Gníomhaíocht Stair & Ealaíne)

**Cuspóir**: Déan taighde ar shaolré chrainn dhúchasacha na hÉireann agus an ról atá acu in éiceachórais agus sa chultúr.

**Le déanamh**: Cruthaigh amlíne amhairc ó shíol go crann lánfhásta. Cuir san áireamh an úsáid a bhaineann daoine as crainn agus na naisc le miotaseolaíocht na hÉireann nó le fís chomhshaoil Dhubhghlas de hÍde.

**Scileanna**:  Croineolaíocht, breathnóireacht eolaíoch, dearadh ealaíonta

**Ábhair**: Stair, Ealaín, Eolaíocht

## Gníomhaíocht #8  Tóraíocht Bheo - Tóraíocht Drámaíochta Allamuigh (Gníomhaíocht Drámaíochta & Gaeilge)

**Cuspóir**: Athchruthaigh agus leathnaigh radhairc ó 'Thóraíocht Bheo'.

**Le déanamh**: Act out scenes from the comic outdoors in groups. Use Irish phrases and animal sounds or invent new encounters with nature. Déan aithris i ngrúpaí, amuigh faoin aer, ar radhairc ón ngreannán. Bain úsáid as frásaí Gaeilge agus fuaimeanna ainmhithe nó cruthaigh eachtraí nua i measc an dúlra.

**Scileanna**: Tobchumadóireacht, scéalaíocht dhátheangach, cur i lathair

**Ábhair**: Drámaíocht, Gaeilge, OSPS

## Gníomhaíocht #9  Damhsa Gréasáin Bia (Gníomhaíocht Eolaíochta, Corpoideachais & na hEalaíona Taibhithe)

**Cuspóir**: Léirigh idirspleáchas trí ghluaiseacht.

**Le déanamh**: Bíonn gach páiste ina chuid de ghréasán bia (grian, féar, feithid, sionnach, srl.). Bogann siad agus ceanglaíonn siad de réir mar a fhásann agus a athraíonn an gréasán.

**Scileanna**: Feasacht ar éiceachórais, gluaiseacht, comhordú

**Ábhair**: Eolaíocht, Corpoideachas, Na hEalaíona Taibhithe

## Activity #10  Balla Focal Teanga an Dúlra (Gníomhaíocht Gaeilge, Béarla & Tíreolaíochta)

**Cuspóir**: Tóg ar stór focal na ndaltaí maidir le téamaí nádúr agus bithgheilleagar na hÉireann.

**Le déanamh**: Cruthaigh balla focal le hainmneacha plandaí agus ainmhithe léirithe i nGaeilge agus i mBéarla. Cuir san áireamh focail cosúil le 'fiadhúlra' (wildlife), 'crotach' (curlew) srl. Féach www.duchas.ie le haghaidh tuilleadh eolais ar an bhflóra agus fána a roghnaíonn tú. Déan iniúchadh ar fhlóra agus fána ar leith trí fhiosrúcháin tionscadail.

**Forbairt:** Bain úsáid as an stór focal seo i ndánta, i dtráth na gceist, nó i ndialanna dúlra.

**Scileanna**: Forbairt teanga, cuimhne, litearthacht chultúrtha

**Ábhair**: Gaeilge, Béarla, Tíreolaíocht

## Smaointe Measúnaithe

- Punanna oibre: cuir líníochtaí, smeachleabhair agus dialanna dúlra san áireamh
- Cur i láthair grúpa bunaithe ar /Deich nGníomhaíocht Pobail Spreagtha ag Tóraíocht Bheo!’
- Insint ó bhéal
- Féinmheasúnú: “Céard a d’fhoghlaim mé ón ngreannán “Toraíocht Bheo’?”